**SCRÚDUIMHIR** ☞

**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán de gach ceist toirmiscthe. | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |

Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas.


| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)**

| Fógra | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| 1. *Gairdín Na Lusanna*<br>Cosc ar Rothaíocht<br>Ar na Cosáin | 1 | |
| 2. **Cispheil**<br>**Halla Na Scoile**<br>Gach Aoine 5 – 8 p.m. | 2 | |
| 3. - Ranganna Oíche -<br>Grianghrafadóireacht<br>Scoil Bhríd 021-354785 | 3 | |
| 4. **Ar Díol ar Leathphraghas !**<br>**Raicéid Leadóige**<br>Siopa Spóirt Mhic An Rí | 4 | |
| 5. **Teach Tábhairne Uí Néill**<br>Bíodh Cárta Aitheantais agat<br>Daoine os cionn 18 amháin | 5 | |
| 6. **Go Mall**<br>**Ainmhithe ag trasnú**<br>*Feirm Na Coille* | 6 | |
| 7. **Rásaíocht Chapall**<br>**Gaillimh**<br>**26-30 Iúil** | 7 | |
| 8. **Lá Fhéile Pádraig**<br>**Céilí Mór 8.00pm**<br>**Teach An Ardmhéara** | 8 | |
| 9. **Féile na mBád**<br>**15-17 Meitheamh 2004**<br>**An Daingean** | 9 | |
| 10. **Ag Teastáil**<br>**Múinteoir Ceimice**<br>Pobalscoil Na Cille 056-85647 | 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

BORD GÁIS

Oifig An Rúnaí
Baile Átha Cliath 2

14 Bealtaine 2004

Eoin Ó Néill
11 Bóthar Na Cille Móire
Droichead Átha

A Eoin, a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 9ú lá ag lorg eolais faoi phrintíseacht sa chuntasaíocht le Bord Gáis.

I dtosach báire, beimid ag súil leis go mbeidh Scrúdú na hArdteistiméireachta déanta ag iarratasóirí. Mar aon le grád B sa Ghaeilge agus Grád A sa Bhéarla, beidh caighdeán ard ag teastáil sa Mhatamaitic, Grád C. Buntáiste mór é freisin teanga Eorpach cosúil leis an nGearmáinis a bheith agat.

Beidh ar na printísigh cúrsa traenála sé mhí a dhéanamh san oifig anseo. Ina dhiaidh sin beidh cúrsa oíche ar siúl i gColáiste na hOllscoile ar feadh trí bliana. Íocfaidh an Bord as an gcostas má éiríonn leat sa scrúdú.

Scríobh chugainn arís i mí Lúnasa nuair a bheidh torthaí na hArdteiste agat agus cuirfimid foirm iarratais amach chugat. Ansin déanfaimid socrú leat dul faoi agallamh go luath i Meán Fómhair.

Is mise
*Eibhlín Ní Shé*
(Oifigeach Eolais)

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Eoin ina chónaí?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i nDroichead Átha | |
| sa Ghearmáin | |

**2.** Cén dáta ar scríobh Eibhlín Ní Shé a litir?

| | |
|---|---|
| 9 Bealtaine | |
| 11 Bealtaine | |
| 14 Bealtaine | |

**3.** Cén grád a theastaíonn ó iarratasóirí sa Mhatamaitic?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**4.** Cé chomh fada is a bheidh an cúrsa oíche ar siúl?

| | |
|---|---|
| Sé mhí | |
| Trí Bliana | |
| Bliain amháin | |

**5.** Cén post atá ag Eibhlín Ní Shé?

| | |
|---|---|
| Cuntasóir | |
| Oifigeach Eolais | |
| Rúnaí | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

# Óstán Ard na Gréine

**Éalaigh amach go dtí**
**INIS MÓR, ÁRAINN**



**Na hAillte**



**An tÓstán**



**Aer Árann**

Fan linne ar feadh tamaill in Óstán Ard na Gréine. Suite in aice na trá ar an oileán tá radharcanna breátha ar chósta agus ar chuan na Gaillimhe agus ar chósta an Chláir. Tá cúig sheomra déag codlata "*en suite*" againn, le teilifíseán agus gléas tae/caifé iontu. An t-aon áis nach bhfuil iontu ná an teileafón!

Tar amach chugainn ar an mbád ó Ros a'Mhíl nó eitil amach le hAer Árann ó Indreabhán. Is féidir rothar, capall agus cairt nó mionbhus a fháil ar cíos chun dul timpeall an oileáin.

Tá trá bhreá ghainmheach ann do pháistí. Don iascaire tá na carraigeacha móra, don stairí tá Dún Aonghasa agus don siúlóir tá na bóithre ciúine. San oíche bíonn seacht mbialann agus sé theach tábhairne ar oscailt. Bíonn imeachtaí cultúrtha ar siúl i Halla Rónáin, ionad pobail an oileáin.

**Glaoigh orainn ar 099-78564**

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit ina bhfuil Óstán Ard na Gréine?

| | |
|---|---|
| ar an mórthír | |
| i gCo. an Chláir | |
| in Inis Mór | |

**2.** Cé mhéad seomra codlata atá san óstán?

| | |
|---|---|
| 7 | |
| 8 | |
| 15 | |

**3.** Cén rud nach bhfuil le fáil i ngach seomra codlata?

| | |
|---|---|
| Gléas tae/caifé | |
| Teileafón | |
| Teilifíseán | |

**4.** Cén áit inar féidir eitleán a fháil chun dul go hÁrainn?


| | |
|---|---|
| Co. an Chláir | |
| Indreabhán | |
| Ros a'Mhíl | |

**5.** Cad atá ar an oileán don stairí?

| | |
|---|---|
| Bóithre ciúine | |
| Trá bhreá ghainmheach | |
| Dún Aonghasa | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Iascairí i mBaol



Maidin Dé Sathairn seo caite chuaigh cúigear iascairí, triúr fear agus beirt déagóirí amach i mbád oscailte ar Loch Rí, ar abhainn na Sionnainne. Bhí siad chun an lá ar fad a chaitheamh ag iascaireacht.

An tráthnóna céanna d'éirigh sé gaofar stoirmiúil. Níor fhill na hiascairí roimh thitim na hoíche agus cuireadh fios ar na Gardaí. Chuaigh bád tarrthála amach, ach faraor bhí sé ró-dhorcha héileacaptar a chur san aer. Ach ní raibh tásc ná tuairisc ar an gcúigear i rith na hoíche.

Faoi dheireadh fuarthas na hiascairí beo tráthnóna Dé Domhnaigh. Bhí siad slán sábháilte ar oileán beag i lár na locha. D'imigh a mbád go tóin poill i rith na stoirme. Bhí an t-ádh orthu mar bhí siad i ngar don oileán agus bhí siad ábalta snámh i dtír sa dorchadas. Thóg héileacaptar ón oileán iad díreach go dtí Ospidéal Luimnigh. Ligeadh abhaile iad an lá dar gcionn.

**Ceisteanna:**

**1.** Cé mhéad duine a chuaigh ag iascaireacht sa bhád?

| | |
|---|---|
| 2 | |
| 3 | |
| 5 | |

**2.** Cén sórt báid a bhí ag na hiascairí?

| | |
|---|---|
| Bád oscailte | |
| Bád tarrthála | |
| Bád seoil | |

**3.** Cén t-am ar éirigh sé stoirmiúil?

| | |
|---|---|
| i rith na maidine | |
| i lár an lae | |
| sa tráthnóna | |

**4.** Cén fáth nár cuireadh an héileacaptar san aer ar an Satharn?

| | |
|---|---|
| Bhí sé ró-fhliuch | |
| Bhí sé ró-dhorcha | |
| Bhí sé stoirmiúil | |

**5.** Cén áit a bhfuarthas na hiascairí ar an Domhnach?

| | |
|---|---|
| sa bhád | |
| san uisce | |
| ar oileán | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Clú agus Cáil ar feadh a shaoil.



Sa bhliain 1956 sheol Éire foireann bheag go dtí na Cluichí Oilimpeacha i Melbourne san Astráil. Ar an bhfoireann sin bhí reathaí óg ón Inbhear Mór, Co. Chill Mhantáin. Ní raibh sé ach bliain is fiche d'aois. Ronnie Delaney ab ainm dó agus bhí sé ar tí clú agus cáil a bhaint amach dó féin os comhair an domhain.

Níos luaithe an bhliain sin, agus é ag staidéar in Ollscoil Villanova i Meiriceá, rith Ronnie an rás "míle" laistigh de cheithre nóiméad. Ach díreach roimh na Cluichí Oilimpeacha i Melbourne ní raibh Ronnie ag rith go maith. Dá bhrí sin níor cheap daoine go raibh seans aige an bonn óir a bhuachan sa rás míle cúig chéad méadar (1500m).

Ach rinne Ronnie gaisce sa rás céanna. Rith sé go breá réidh ar dtús ach ag druidim le deireadh an ráis chuaigh sé chun tosaigh. Bhí sé ceithre mhéadar chun cinn nuair a thrasnaigh sé an líne sa chéad áit. Bhí an bonn óir aige agus bhí Éireannaigh ar fud na cruinne bródúil as Ronnie Delaney. Bheadh clú agus cáil go deo air dá bharr.

Cuireadh fáilte iontach abhaile roimhe ag Aerfort na Sionainne agus bhí gach éinne ag caint faoi. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ar ais go Meiriceá agus lean sé air ag rith. Bhuaigh sé 40 rás as a chéile sa raon inmheánach idir 1956 agus 1959. D'fhill Ronnie ar ais ar Éirinn agus tá dlúthbhaint aige i gcónaí le cúrsaí spóirt agus le lúthchleasaíocht in Éirinn.

**Ceisteanna:**

**1.** Cá raibh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl sa bhliain 1956?

| | |
|---|---|
| An tInbhear Mór | |
| Melbourne | |
| Villanova | |

**2.** Cén aois a bhí Ronnie nuair a bhuaigh sé an Bonn Óir?

| | |
|---|---|
| 18 | |
| 21 | |
| 40 | |

**3.** Cén rás a rith Ronnie sna Cluichí Oilimpeacha?

| | |
|---|---|
| An míle | |
| 1500 m | |
| 400 m | |

**4.** Cá fhad chun cinn a bhí Ronnie ag deireadh an ráis?


______________________________________________

**5.** Cad a fuair Ronnie ag Aerfort na Sionnaine?

| | |
|---|---|
| Bonn Óir | |
| Fáilte abhaile | |
| Eitleán | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Bean Aisteach



Deirtear go raibh bua an leighis ag Biddy Early. Bhí sí ábalta daoine agus ainmhithe breoite a leigheas agus tháinig daoine chuici ó chian is ó chóngar ina teach beag i gCo. an Chláir.

Rugadh Biddy sa bhliain seacht déag nócha a hocht. Deirtear go raibh sí ábalta labhairt leis na sióga ó bhí sí an-óg. Fuair sí buidéal draíochta ó na sióga. Nuair a d'fhéach sí isteach sa bhuidéal, chonaic sí rudaí ann nár tharla fós. Bhíodh a fhios aice i gcónaí cé a bheadh ag teacht ar cuairt chuici. Níor ghlac sí riamh le hairgead. Thug na cuairteoirí bronntanais di ...uibheacha, cearca, feoil nó uisce beatha. Go minic thug sí braon uisce don duine breoite a leigheas é, ach dá dtitfeadh an buidéal gheobhadh an duine breoite bás. Bhí na daoine an-bhuíoch de Bhiddy Early. Ba chuma leo cá bhfuair sí bua an leighis, mar chabhraigh sí leo.

Ach cheap na sagairt go bhfuair sí an bua ón Diabhal. Tháinig sagart chuici lá amháin ar chapall. Labhair sé léi go borb. Ar a shlí abhaile, stop an capall agus bhí an sagart greamaithe den diallait. Ní raibh éinne ábalta é a scaoileadh ach Biddy.
Bhí ceathrar fear céile ag Biddy sula bhfuair sí bás sa bhliain ocht déag seachtó a ceathair. Ní fios dúinn cad a tharla don bhuidéal draíochta!

**<u>Ceisteanna</u>:**

**1.** Cén bhliain ar rugadh Biddy Early?

| | |
|---|---|
| 1798 | |
| 1804 | |
| 1874 | |

**2.** Cá bhfuair Biddy an buidéal draíochta?

| | |
|---|---|
| ón Diabhal | |
| ón sagart | |
| ó na sióga | |

**3.** Cén bua a bhí ag Biddy Early?

______________________________________________

**4.** Cad a thugadh cuairteoirí do Bhiddy?

| | |
|---|---|
| airgead | |
| bronntanais | |
| capall | |

**5.** Cad a thug Biddy don duine breoite go minic?

| | |
|---|---|
| braon uisce | |
| uisce beatha | |
| uibheacha | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

**SUBWAY**

Huppity hup, i Nua-Eabhrac na Féile
An domhan is a mháthair ag imeacht le chéile
i subway dúnta dubh gan aird –
sairdíní brúite i gcannaí stáin
Ag seoladh in éindí thíos faoin tsráid;

Is na daoine thuas ag déanamh gnó
I ngan fhios do shochraid na ndaoine beo
Thíos go doimhin faoi chraiceann an talaimh
Ina mílte 's ina mílte ag filleadh abhaile;

Daoine ag stánadh i ngach uile threo,
Ar fhógraí, ar bhallaí, ar ghraffiti beo;
Brúite le chéile, grua le grua
Is is fuascailteoir canna gach stáisiún;
Scaoiltear na mílte amach le dua
Is líontar arís an canna le slua.

Seo iad na daoine, ina mílte 's ina mílte
Ag filleadh gan focal i ndeireadh an lae
Is ag smaoineamh an bhfuilid in am don tae.

**(S.E. Ó Cearbhaill )**




**Ceisteanna:**

**1.** Cén chathair atá i gceist?

| | |
|---|---|
| Londain | |
| Nua-Eabhrac | |
| Páras | |

**2.** Cá bhfuil na daoine atá ag taisteal?

| | |
|---|---|
| thuas san aer | |
| ar an uisce | |
| thíos faoin tsráid | |

**3.** Cá bhfuil na daoine seo ag dul? Tá siad …

| | |
|---|---|
| ag dul abhaile | |
| ag dul ag obair | |
| ag dul a chodladh | |

**4.** Cad a bhíonn á dhéanamh ag na daoine ar an subway?

| | |
|---|---|
| Bíonn siad ag caint | |
| Bíonn siad ag canadh | |
| Bíonn siad ag stánadh | |

**5.** Cad faoi a mbíonn siad ag smaoineamh?

________________________________________

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.



Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé a sheolfaidh
an Fhéile?




Cad a tharlóidh don
airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **FREAGRA** chuig Liam ag insint:

| | | |
|---|---|---|
| - Cén uair a fuair tú an cuireadh? | } | |
| - An raibh áthas nó brón ort é a fháil? | } | Pict. 1 |
| - An mbeidh tú ábalta dul ann? | } | |
| - Cén t-am a mbeidh ort dul abhaile? | } | Pict. 3 |
| - Conas a rachaidh tú go dtí an t-óstán? | } | |
| - Cén t-am a shroichfidh tú an t-óstán? | } | Pict. 4 |

**<u>FREAGRA</u>**

**<u>Ceist 5</u>** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair san Ospidéal seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint :

- Faoin ospidéal agus faoin áit a bhfuil an t-ospidéal } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú (trí phointe ag teastáil) } Pict. 2
- Faoi na daoine a fheiceann tú gach lá san ospidéal } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor agat } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**<u>LITIR</u>**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair i Leabharlann. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
**[ <u>Nóta</u>:** Is tusa *Phil De Róiste* **]**

## Leabharlann Chathair na Gaillimhe
### Foirm Iarratais do phost mar Leabharlannaí Cúnta

Ainm: *Phil De Róiste* Uimhir theileafóin …………………………..……

Seoladh: ……………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: …………………………………………… Dáta Breithe: ……………………………….

Airde: …………………………………………… Meáchan: …………………………………..

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin ……………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………..

An léann tú leabhair go minic? ……….……………………………………………………….

An mbeadh tú sásta cúrsa traenála a dhéanamh? …………………………………………………

An dtuigeann tú go mbeidh ort obair a dhéanamh **gach Satharn**? ……………………………………...

Conas a thiocfaidh tú isteach sa chathair gach lá? ………………………………………………..…

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat……………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………

Cuir tic [✓] leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: 7ú Iúil ❑, 14ú Iúil ❑, 21ú Iúil ❑.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i **Leabharlann**.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

Síniú *Phil De Róiste*

Dáta: ____________________

**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Chaith tú "Lá ar an Trá" leis an gClub Óige seachtain ó shin.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**LÁ AR AN TRÁ LEIS AN gCLUB ÓIGE**




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar an tsráid le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| ag siúlóid | ar an mbóthar | bia blasta | glaoch teileafóin |
| ar strae | shábháil | fógra | áthas |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

Leathanach Bán

M88A

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR ☞**

**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (180 marc)

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
| **MARC** | | | | | | | | | | | | | |


| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán de gach ceist toirmiscthe. | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |
| Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas. | |

**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT - (180 marc)


Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an téip. Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Oisín faoi láthair?







**Ceist 1 (b)** Cén áit a mbeidh an cúrsa drámaíochta?

| | |
|---|---|
| Trá Lí | |
| Ros na Rún | |
| Gaillimh | |

**Ceist 2 (a)** Cad a osclófar i bPort Laoise i mí Iúil?












**Ceist 2 (b)** Cé a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil?

| | |
|---|---|
| Eamon Dunphy | |
| Máire Mhic Ghiolla Íosa | |
| Niall Quinn | |

**Ceist 3 (a)** Cén spórt a bheidh ar siúl i rith na Féile?



**Ceist 3 (b)** An mó club a bheidh páirteach ann?

| | |
|---|---|
| ceithre chlub | |
| seacht gclub | |
| tríocha club | |


**Ceist 4** Cá bhfuil an bhean ag dul?









**Ceist 5** Cá bhfuil an Leabharlann? (Cuir tic sa bhosca ceart.)



**Ceist 6 (a)** Cén chaoi a mbeidh an aimsir inniu?










**Ceist 6 (b)** Cé hiad na daoine **nach mbeidh** sásta leis an aimsir inniu?

| | |
|---|---|
| Feirmeoirí | |
| Lucht Spóirt | |
| Leabharlannaí | |

**Ceist 7 (a)** Cad a bheidh ar siúl i Halla an Phobail?










**Ceist 7 (b)** Cé mhéad airgid a bhronnfar ar an bpictiúr is fearr?

| | |
|---|---|
| € 10 | |
| € 50 | |
| € 200 | |

**Ceist 8 (a)** Cén timpiste a tharla?









**Ceist 8 (b)** Cén áit ar tharla an timpiste?

| | |
|---|---|
| Cill Áirne | |
| Corcaigh | |
| Trá Lí | |

**Ceist 9 (a)** Cad a bhí ar siúl i Nua-Eabhrac aréir?





**Ceist 9 (b)** Cé a scríobh an scéal don scannán "*Intermission*"?

| | |
|---|---|
| Colin Farrell | |
| Colm Meaney | |
| Mark O'Rowe | |

**Ceist 10 (a)** Cé mhéad airgid a thug Aoife ar an ticéad?

| | |
|---|---|
| € 7 | |
| € 13 | |
| € 15 | |

**Ceist 10 (b)** Cén cluiche idirnáisiúnta a bheidh ar siúl ar an Satharn?

| | |
|---|---|
| Haca | |
| Sacar | |
| Rugbaí | |

**Ceist 11 (a)** Cén áit a raibh Pól ag dul ar scoil?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Luain | |
| Béal Átha na Slua | |
| Gaillimh | |

**Ceist 11 (b)** Cén post ba mhaith le Pól?

| | |
|---|---|
| Múinteoir | |
| Siúinéir | |
| Leictreoir | |

**Ceist 12 (a)** Cé mhéad bliain a chaith an múinteoir nua ag múineadh i Sasana?

| | |
|---|---|
| Aon Bhliain Amháin | |
| Dhá Bhliain | |
| Trí Bliana | |

**Ceist 12 (b)** Cén gaol atá ag an múinteoir nua le Síle?

| | |
|---|---|
| A hathair | |
| A huncail | |
| A col ceathrair | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán